Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11128/26**

**ECOFIN 918**
**UEM 322**
**SOC 447**
**EMPL 249**
**COMPET 862**
**ENV 838**
**EDUC 304**
**ENER 460**
**JAI 898**
**GENDER 135**
**JEUN 178**
**SAN 536**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha Lucsamburg |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 216 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha Lucsamburg**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach Lucsamburg 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh inti go bhfuil Lucsamburg ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 ar Lucsamburg. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag Lucsamburg ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag Lucsamburg. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn Lucsamburg ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta Lucsamburg[4]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2029 agus socraítear srian buiséadach i bhfoirm uasráta fáis glanchaiteachais thar 5 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 5,8 % in 2025, 4,7 % in 2026, 3,8 % in 2027, 5,4 % in 2028 agus 4,7 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 14,2 % in 2025, 19,6 % in 2026, 24,1 % in 2027, 30,8 % in 2028 agus 36,9 % in 2029.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[5] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go fóill, tráth ar bith go dtí 2028, go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú má chomhlíonann siad na critéir a shocraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263.

---

4 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta Lucsamburg (IO C, C/2025/650, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/650/oj).

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19 3 2025, C(2025) 2000 final.

(8) An 29 Aibreán 2026, chuir Lucsamburg Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[6] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil Lucsamburg i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) In 2025, ba é 0,6 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,5 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,6 % in 2026 agus faoi 2,0 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,7 % ann in 2026 agus 1,8 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[7], d'athraigh comhardú rialtais ghinearálta Lucsamburg ó bharrachas 0,9 % de OTI in 2024 go heasnamh 2,0 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcomhardú rialtais ghinearálta in 2025 fás measartha ar ioncaim, a mhínítear go páirteach le tionchar na mbeart cumhacht cheannaigh agus iomaíochas a chosaint, agus le caiteachas dinimiciúil, a mhínítear go páirteach le hinfheistíocht mharthanach. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 1,2 % de OTI in 2026 agus easnamh 1,5 % de OTI in 2027.

---

6 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

7 Táscairí Eurostat-Euro, 22 04 2026.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[8], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 1,7 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sí crapthach, faoi 0,4 %% de OTI in 2026, agus go mbeidh sí forleathnach, faoi 0,9 % de OTI, in 2027.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[9], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta Lucsamburg ó 26,3 % de OTI ag deireadh 2024 go 26,5 % de OTI ag deireadh 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 29,2 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 30,2 %% faoi dheireadh 2027.

(13) Ar bhonn sonraí ó Eurostat[10], 1,0 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta Lucsamburg ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 1,2 % de OTI a bheidh sa chaiteachas sin in 2026[11].

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, ní raibh bearta beartais fhioscaigh glactha ag Lucsamburg chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún[12].

---

8 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

9 Táscairí Eurostat-Euro, 22 04 2026.

10 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

11 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

12 Chomhshínigh an rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta an 'Resilienzpak' an 8 Meitheamh 2026.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d’fhás an glanchaiteachas i Lucsamburg faoi 8,7 % in 2025, agus is fás carnach 15,7 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,3 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall beagán os cionn 0,6 % de OTI i dtéarmaí carnacha.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas i Lucsamburg faoi 3,5 % in 2026 agus gur fás carnach 19,7 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, laghdaítear diall carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais go níos lú ná 0,1 % de OTI.

(17) Tá dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha roimh chóras pinsean Lucsamburg toisc go réamh-mheastar go gcuirfidh treochtaí déimeagrafacha a inbhuanaitheacht i mbaol. De réir Thuarascáil 2024 maidir le hAosú, réamh-mheastar go sroichfidh caiteachas pinsin Lucsamburg 17,5 % de OTI in 2070, méadú 8,3 pointe céatadáin ó 2022, agus is é an méadú is airde san Aontas é. I mí na Nollag 2025, ghlac Lucsamburg athchóiriú pinsean. Is éard atá san athchóiriú den chuid is mó méadú 1,5 pointe céatadáin ar an ráta ranníocaíochta go 25,5 %, bearta teoranta chun gairmeacha a fhadú trí bhuntáistí cánach a sholáthar, an ceart chun pinsin fhorásaigh a thabhairt isteach, agus tréimhse ranníocaíochta éigeantach fhormhór na bpinsinéirí luathscoir a mhéadú[13]. Ar an iomlán, is cosúil nach leor an t-athchóiriú chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna struchtúracha a dhéanann difear d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean ná nach dócha go méadóidh sé go suntasach an ráta íseal rannpháirtíochta i measc oibrithe idir 55-64 bliana d'aois. Mar thoradh ar aosú an daonra, in éineacht le moilliú réamh-mheasta ar fhás na fostaíochta go ráta faoi bhun an mhéadaithe bhliantúil 2-3 % is gá chun cothromaíocht an chórais a choinneáil ar bun, réamh-mheastar go sáróidh an caiteachas ar phinsin na ranníocaíochtaí sa chóras pinsean in 2029 agus go n-ídeofar a chúlchistí in 2048. Tá sochair phinsin ard, lena mbaineann ráta athsholáthair comhlán 75 % in 2022[14], agus is é an t-am a chaitear ar scor an t-am is faide san Aontas (25,2 bliain i gcás Lucsamburg i gcomparáid le 21,3 bliain i gcás mheán an Aontais in 2022)[15]. Thaifead Lucsamburg an ráta rannpháirtíochta is ísle d'oibrithe idir 55 agus 64 bliana d'aois san Aontas in 2025 (51,9 % i gcomparáid le 69,5 % san Aontas) [16]. Cé gurb é 65 bliana d'aois an aois scoir reachtúil, is féidir dul ar luathscor ó 57 mbliana d'aois, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na haoiseanna scoir iarbhír is ísle san Aontas. Chuideodh bearta chun gairmeacha níos faide agus rátaí rannpháirtíochta níos airde a spreagadh i measc oibrithe idir 55 agus 64 bliana d'aois le tacú le hinbhuanaitheacht pinsean agus le fás eacnamaíoch.

---

13 Loi du 19 Decembre 2025 (Athchóiriú pinsean) agus loi du 19 Decembre 2025 (Dreasachtaí cánach).

14 ECFE: Suirbhéanna Eacnamaíochta ECFE: Lucsamburg 2025.

15 2024 Ageing Report [Tuarascáil 2024 maidir le hAosú]: Meán uimhríochtúil d'ionchas saoil na mban agus na bhfear ag 65 bliana d'aois móide 65 lúide an mheánaois scoir ó mhargadh an tsaothair.

16 Eurostat: lfsa_argan.

(18) Tá dúshlán mór tithíochta roimh Lucsamburg, ós rud é go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an inacmhainneacht le deich mbliana anuas mar gheall ar an ardú as cuimse atá tagtha ar phraghsanna maoine. Tar éis méadú faoi dhó thar thréimhse deich mbliana, thosaigh praghsanna tithe ag ceartú tar éis dóibh a mbuaicphointe a bhaint amach in 2022, agus thit siad níos mó ná 15 % in dhá bhliain. Ba é an t-ardú géar ar rátaí úis ba chúis leis an laghdú, rud a raibh tionchar diúltach aige ar an acmhainneacht iasachtaíochta. D'ainneoin sin, tá praghsanna ag ardú arís ó shin agus, in 2025, bhí praghsanna tithe i Lucsamburg 60 % níos airde ná mar a bhí 10 mbliana ó shin i dtéarmaí ainmniúla, cé nár tháinig ach méadú 40 % ar an meánphá sa tréimhse chéanna. Is é Lucsamburg an margadh tithíochta is costasaí san Aontas. Is é is cúis le praghsanna arda tithe míchothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh, arna spreagadh ag fás an daonra agus arna threisiú ag creat cánach a thacaíonn leis an éileamh agus atá fabhrach do chnapaireacht talún, agus ag comhchruinniú úinéireachta talún. Tá an slógadh talún agus an t-athchóiriú cánach fós gan chur chun feidhme agus cuireann na billí leasaithe níos mó deiseanna ar fáil le haghaidh díolúintí cánach. Le hathchóirithe uaillmhianacha amhail bearta chun níos mó talún a chur ar fáil le haghaidh forbartha agus chun tionscadail ceantair mhóra a chur chun feidhme ar thalamh poiblí, chuideofaí leis an soláthar tithíochta a mhéadú, lena n-áirítear trí thithíocht inacmhainne a sholáthar. Ina theannta sin, ar thaobh an éilimh, dá gcuirfí deireadh de réir a chéile le hin-asbhainteacht úis morgáiste, chuideofaí le srian a chur le praghsanna tithe. Áirítear ar na tosaíochtaí freisin an creat macrastuamachta a neartú chun rioscaí sistéamacha a laghdú a bhaineann leis an ardleibhéal féichiúnais teaghlaigh agus leis an sciar mór de mhorgáistí a bhfuil rátaí úis athraitheacha acu.

(19) Tá dúshláin mhóra iompair roimh Lucsamburg mar gheall ar thrácht ard trasteorann comaitéirí agus spleáchas ard ar ghluaisteáin, lena n-áirítear gluaisteáin chuideachta, rud a dhéantar níos measa mar gheall ar sholáthar tithíochta neamhleor a fhágann go gcuireann oibrithe fúthu níos faide ar shiúl óna n-ionad oibre [17]. Tá brú tráchta ann de thoradh na staide sin, rud a chuireann isteach ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag Lucsamburg maidir le hiompar poiblí a fheabhsú, bheadh gá le straitéis chomhordaithe trasteorann chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais a lucht saothair a bhíonn ag comaitéireacht. Áirítear leis sin nascacht a fheabhsú, bonneagar iompair iarnróid a chomhtháthú le tíortha comharsanachta, córais ticéadaithe a chomhtháthú agus naisc an mhíle dheireanaigh a fheabhsú.

(20) Tá Lucsamburg fós neamhchosanta ar rioscaí pleanála ionsaithí cánach a bhaineann lena ról mar mhol mór airgeadais ina bhfuil go leor grúpaí ilnáisiúnta agus stoic mhóra infheistíochta trasteorann. Tá reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh trasuite ag Lucsamburg, lena n-áirítear Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle[18] ('Treoir Cholún 2'), chomh maith le bearta breise ar an leibhéal náisiúnta, agus tá raon feidhme Cholún 2 teoranta d'eintitis mhóra a bhfuil ioncam bliantúil EUR 750 milliún ar a laghad acu. Go sonrach, thug Lucsamburg riail neamh-inasbhainteachta isteach maidir le híocaíochtaí úis agus ríchíosa. Mar sin féin, tá raon feidhme an bhirt sin, a bhfuil feidhm aige maidir le dlínsí atá ar liosta an Aontais Eorpaigh de dhlínsí tríú tíortha chun críoch cánach, teoranta.

(21) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

---

[17] Statec, 2025, *P2021 N°18 - La dépendance automobile persiste pour les déplacements domicile-travail*.

[18] Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas [2022] IO L 328, 22.12.2022, lch. 1.

(22) San Ostair, tá cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, ina gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) i Lucsamburg, os cionn an mheánluais chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an móiminteam atá ann faoi láthair a choinneáil - agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair á n-uasmhéadú aige an tráth céanna, tá Lucsamburg ag gníomhú cheana féin faoina chláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá an cur chun feidhme a neartú a thuilleadh maidir le roinnt réimsí, lena n-áirítear na réimsí a bhaineann le digiteáil agus bonneagair fuinnimh faoin gCiste um Aistriú Cóir.

(23) Tá roinnt dúshlán roimh Lucsamburg a bhaineann leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas, leis an aistriú fuinnimh agus leis an gcomhshaol, leis an gcomhionannas i scoileanna, leis an gcóineasú sóisialta aníos agus le forbairt caipitil dhaonna.

(24) D'ainneoin an bhoinn láidir eolaíoch atá aige agus an chórais taighde atá dea-nasctha go hidirnáisiúnta, tá nuálaíocht ghnó agus deiseanna méadaithe na ngnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) fós teoranta. Tá acmhainneacht Lucsamburg maidir le teicneolaíochtaí nua a ghlacadh agus digiteáil fós tearcshaothraithe - tá Lucsamburg ag feidhmiú faoi bhun mheán an Aontais ó thaobh bhundéine dhigiteach FBManna de[19], agus déantar sciar mór d'infheistíocht nuálach teicneolaíochta laistigh de ghrúpaí ilnáisiúnta, rud a chuireann isteach ar éagsúlú agus iomaíochas an gheilleagair. Ina theannta sin, tá déine T&F in earnáil ghnó na tíre ag dul i laghad le fiche bliain anuas, í ag titim go 0,45 % de OTI in 2024, rud atá i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, mar atá 1,49 %. Cé go mínítear é go páirteach le geilleagar Lucsamburg atá bunaithe ar sheirbhísí, tá caiteachas gnó T&F i bhfad níos ísle ná mar atá sna tíortha is fearr feidhmíocht i raon leathan earnálacha[20]. Thairis sin, níltear ag baint leas iomlán as cáilíocht na n-aschur taighde, agus tá naisc idir an eolaíocht agus an gnó fós lag.

[19] Eurostat, (isoc_e_dii) and Luxembourg Startup Ecosystem Assessment and Benchmarking, Ministère de l'Economie, 2023.

[20] Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: Lucsamburg 2025.

(25) Tá geilleagar Lucsamburg fós an-iomaíoch, go háirithe trína earnáil mhór airgeadais idirnáisiúnta. Mar sin féin, tá sé fós neamhchosanta ar bhrúnna struchtúracha a bhaineann le táirgiúlacht atá ag laghdú. Tháinig laghdú thart ar 4 % ar tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile idir 2015 agus 2025, agus taifeadadh méadú thart ar 6 % i gcomhiomlán an Aontais. Ba í an earnáil airgeadais an phríomhchúis leis an laghdú sin, inar tháinig laghdú thart ar 11,6 % ar oll-bhreisluach in aghaidh na huaire oibre le linn na tréimhse céanna. Tá tionchar ag iomaíocht idirnáisiúnta atá ag dul i méid, ceanglais rialála athraitheacha an Aontais Eorpaigh, srianta ar mhargadh an tsaothair, agus an t-éagsúlú, atá fós teoranta, go gníomhaíochtaí a bhfuil luach níos airde ag baint leo, ar athléimneacht agus ar iomaíochas fadtéarmach an gheilleagair. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do Lucsamburg dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an earnáil airgeadais a éagsúlú a thuilleadh trí fheabhas a chur ar na dálaí le haghaidh nuálaíochta agus glacadh teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear na teicneolaíochtaí sin a tháirgtear ar bhonn intíre. Dá neartófaí iomaíocht agus rochtain ar an margadh i seirbhísí ábhartha gnó agus gairmiúla, dá n-éascófaí scaipeadh nuálaíochta, agus dá gcuirfí tuilleadh feabhais ar chreatdálaí na timpeallachta gnó, d’fhéadfaí gnóthachain táirgiúlachta a bhaint amach.

(26) Comhcheanglaíonn Lucsamburg ardchoigilteas teaghlaigh agus éiceachóras ardfhorbartha cistí infheistíochta. Mar sin féin, tá tarchur intíre beag caipitil riosca fhadtéarmaigh aige i dtreo gníomhaíochtaí nuálaíochta, rud a chuireann isteach i gcónaí ar éagsúlú an gheilleagair agus ar scaipeadh gnóthachan táirgiúlachta. Cé gur neartaigh Lucsamburg codanna dá ollstruchtúr maoinithe nuálaíochta, lena n-áirítear ionstraimí tacaíochta poiblí agus dreasachtaí cánach le haghaidh infheistíocht nuathionscanta, tugann an fhianaise atá ar fáil le fios go bhfuil srianta maoiniúcháin fós ábhartha go háirithe do chéimeanna an tsíl, an fháis agus an scálaithe ina dhiaidh sin, agus nach ndéanann na hionstraimí atá ann cheana coigilteas teaghlach a dhíriú go leordhóthanach ar ghnólachtaí nuálacha intíre. Sa chomhthéacs sin, trí rannpháirtíocht teaghlaigh níos mó i gcistí éagsúlaithe cothromais agus infheistíochta fadtéarmaí a éascú, faoi choimircí iomchuí cosanta tomhaltóirí agus le dreasachtaí atá nasctha le tréimhsí sealbhaíochta fada, is féidir cuidiú le coigilteas teaghlaigh a dhíriú i dtreo mhaoiniú na nuálaíochta.

(27) Tá cumhdach pinsin fhorlíontaigh i Lucsamburg fós teoranta. Den chuid is mó, braitheann rochtain ar scéimeanna ceirde forlíontacha ar thionscnamh an fhostóra, rud a d'fhéadfadh rochtain a laghdú, go háirithe d'fhostaithe gnólachtaí beaga. Ina theannta sin, d'fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil agus fhioscach rannpháirtíocht codanna den lucht saothair trasteorann a dhíspreagadh freisin. An tráth céanna, tá earnáil airgeadais ardfhorbartha ag Lucsamburg chun tacú le rochtain níos leithne ar shocruithe pinsin fhorlíontaigh agus le creat leordhóthanach dlíthiúil agus rialála. Trí fheabhas a chur ar infhaighteacht scéimeanna pinsin fhorlíontaigh atá simplí, inaistrithe agus trédhearcach ó thaobh costais de, amhail trí uathchlárú a thabhairt isteach, d'fhéadfaí cuidiú le rannpháirtíocht i gcoigilteas fadtéarmach a leathnú agus tacú le leordhóthanacht scoir, go háirithe d'oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar scéim arna soláthar trína bhfostóir.

(28) Cé go bhfuil Lucsamburg tiomanta feabhas a chur ar an timpeallacht rialála d'earnáil na seirbhísí gnó, tá bacainní suntasacha rialála fós ann. De réir ECFE[21] agus an Choimisiúin Eorpaigh[22], tá srianta rialála fós an-ard go háirithe do dhlíodóirí, nótairí, ailtirí, innealtóirí sibhialta agus cuntasóirí. D'fhéadfadh bacainní ar iomaíocht a bheith ann mar gheall ar bhealaí teoranta chun rochtain a fháil ar roinnt gairmeacha, oibleagáidí riaracháin éagsúla, taraifí ceangailteacha a bheith ann, nó toirmeasc ar aon chineál fógraíochta agus margaíochta[23]. Dá laghdófaí na ceanglais nó dá méadófaí an tsolúbthacht, chuirfí borradh faoin iomaíocht in earnáil na ngairmeacha rialáilte. San earnáil mhiondíola, tá srianta rialála fós beagán níos airde ná mar atá i dtíortha piaraí, cé go bhfuil laghdú mór tagtha orthu ó bhí 2018 ann. Ina theannta sin, i Lucsamburg tá na bacainní ar thrádáil seirbhísí laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) i measc na mbacainní is airde san Aontas[24], rud a bhfuil tionchar aige ar phríomhearnálacha amhail tógáil agus cuntasaíocht.

---

21 ECFE, Táscairí an Rialacháin maidir leis an Margadh Táirgí, 2024.

22 An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht maidir leis na moltaí athchóirithe le haghaidh rialáil i seirbhísí gairmiúla a thabhairt cothrom le dáta, COM(2021)385, 9 7 2021.

23 ECFE, Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: Lucsamburg| ECFE, lch. 106, Aibreán 2025.

24 Ríomh ó fhoireann de chuid an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe ar bhunachar sonraí Innéacs Sriantachta na Trádála Seirbhísí laistigh de LEE ó ECFE .

(29) D'ainneoin laghduithe suntasacha le déanaí ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar de bhóthar, trí bheartais amhail Plean Náisiúnta Soghluaisteachta 2035[25] agus iompar poiblí saor in aisce, is í an earnáil seo an phríomhfhoinse astaíochtaí gás ceaptha teasa fós, lena mbaineann 59 % de na hastaíochtaí iomlána in earnálacha comhroinnte díchill Lucsamburg in 2024[26]. Cuireann sé go mór freisin le hastaíochtaí truailleán aeir, lena mbaineann 62 % de hastaíochtaí $NO_x$ agus 32 % de hastaíochtaí $PM_{10}$ in 2023[27]. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag Lucsamburg maidir le feithiclí leictreacha a chur chun cinn, dá ndéanfaí an t-iompar a dhícharbónú a thuilleadh agus dá ndéanfaí infheistíocht i mbonneagar iompair phoiblí, chuideofaí le hastaíochtaí a laghdú i gcomhréir leis an sprioc náisiúnta laghdaithe astaíochtaí le haghaidh 2030 agus le sprioc 2030 Lucsamburg mar a chinntear sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill[28].

(30) Is beag dul chun cinn atá déanta sna hiarrachtaí chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe. Idir 2019 agus 2024, tháinig méadú mór ar thomhaltas fuinnimh deiridh Lucsamburg san earnáil chónaithe, d'ainneoin coigilteas fuinnimh teaghlach. Rinneadh coigilteas a fhritháireamh den chuid is mó leis an líon méadaithe teaghaisí agus tithe níos mó. Anuraidh, chuir Lucsamburg síneadh leis an scéim 'Klimabonus Wunnen' tar éis 2025, agus é ar intinn aige an coigilteas fuinnimh san earnáil tógála atá ann cheana a mhéadú. Tá sé beartaithe ag Lucsamburg ailíniú le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh an Aontais, ar bhonn tairseacha arna gcinneadh go náisiúnta, chun feabhas a chur ar choigilteas fuinnimh i bhfoirgnimh neamhchónaithe. Cé gurb í an tionsclaíocht is cúis le sciar réasúnta beag d'astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa i Lucsamburg agus go bhfuil a déine astaíochtaí laghdaithe go mór aici, tá dlúthbhaint fós ag astaíochtaí gás ceaptha teasa tionsclaíocha le húsáid fuinnimh. Cé go bhfuil raon scéimeanna deonacha, creataí tacaíochta agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i bhfeidhm chun an tionsclaíocht a dhícharbónú, ní thugann siad aghaidh go hiomlán fós ar scála ná ar luas an chlaochlaithe is gá.

25 PNM 2035 - Plan national de mobilité - Le gouvernement luxembourgeois.
26 Is ar shonraí neasfhardail atá astaíochtaí maidir le comhroinnt díchill le haghaidh 2023 bunaithe. Dearbhófar na sonraí deiridh in 2027 tar éis athbhreithniú cuimsitheach.
27 EEA, Breathnóir sonraí maidir le hastaíochtaí truailleán aeir (Prótacal Gothenburg, an Coinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin) 1990-2023, 2026.
28 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 ón gCoimisiún.

(31) Measann an t-oibreoir córais tarchurtha gur gá an eangach ardvoltais a nuachóiriú chun na riachtanais tarchurtha fuinnimh in-athnuaite a láimhseáil, agus chun a hacmhainneacht a mhéadú chun déileáil leis an éileamh a bhfuil coinne leis go luath amach anseo, lena n-áirítear idirnaisc trasteorann. In 2025, thosaigh Lucsamburg ar a aistriú fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn trí 51 bheart nithiúla a ghlacadh, lena n-áirítear, inter alia, dlús a chur le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite agus é a shimpliú trí bhearta amhail nósanna imeachta ceadaithe digitithe, úsáid fheabhsaithe talún nó rannpháirtíocht na saoránach. Tá sé ríthábhachtach do Lucsamburg na bearta sin a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil chun a sprioc maidir le 37 % d'fhuinneamh in-athnuaite a bheith ina mheascán fuinnimh a bhaint amach faoi 2030.

(32) Tá dúshláin chomhshaoil roimh Lucsamburg a bhaineann le cáilíocht uisce, díghrádú éiceachórais agus úsáid talún, agus tá impleachtaí aige sin d'inbhuanaitheacht chomhshaoil agus do ghníomhaíocht eacnamaíoch. Tá acmhainní uisce faoi bhrú mar gheall ar mheascán tosca, lena n-áirítear truailliú cothaitheach agus lotnaidicídí, astaíochtaí tionsclaíocha agus athruithe fisiceacha ar dhobharlaigh, a dhéanann difear d'uisce dromchla agus screamhuisce araon agus a chruthaíonn rioscaí maidir le hinfhaighteacht agus cáilíocht uisce. Tá éiceachórais faoi bhrú méadaitheach ó thruailliú, ó thógáil talún agus ón athrú aeráide, agus braitheann sciar mór den ghníomhaíocht eacnamaíoch ar sheirbhísí éiceachórais. Tá meath tagtha ar shláinte foraoisí le blianta beaga anuas, go háirithe mar thoradh ar dhamáiste a bhaineann leis an aeráid de dheasca triomaigh iomadúla ó bhí 2018 ann. Laghdaigh sé sin cumas na bhforaoisí príomhsheirbhísí a sholáthar amhail stóráil carbóin, rialáil uisce agus cosaint na bithéagsúlachta. Léiríonn na dúshláin sin a thábhachtaí atá sé cáilíocht an uisce a fheabhsú, talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh agus bainistiú foraoisí atá oiriúnaithe don aeráid a neartú. Cé go bhfuil bearta déanta ag Lucsamburg chun feabhas a chur ar bhainistiú uisce, chun cleachtais talún agus talmhaíochta níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun an creat beartais d'fhoraoisí a neartú, tá bearnaí fós ann agus tá brúnna fós ar éiceachórais. Dá neartófaí rialachas agus comhordú ar fud réimsí beartais comhshaoil, aeráide agus talmhaíochta, agus dá dtabharfaí aghaidh ar bhearnaí infheistíochta, thacófaí le cur chun feidhme éifeachtach na mbeart lena ndírítear ar uisce, ar úsáid talún agus ar oiriúnú don athrú aeráide. Ina theannta sin, dá ndéanfaí infheistíocht i mbearta ciorclaíochta, go háirithe bearta réamhtheachtacha, chuideofaí le brúnna comhshaoil a laghdú agus thacófaí le geilleagar níos inbhuanaithe agus níos athléimní.

(33) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig Lucsamburg in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(34) I gcóras oideachais Lucsamburg, tá éagothromaíochtaí fós ann san fheidhmíocht oideachais, go háirithe i measc daltaí ó chúlraí éagsúla teanga. Cuireann cineál ilteangach an teagaisc, atá thar a bheith dúshlánach do bheagnach 70 % de dhaltaí nach bhfuil Lucsambuirgis acu sa bhaile, le bearnaí gnóthaithe[29] a threisítear a thuilleadh leis an gcúlra socheacnamaíoch agus le luathshruthú i rianta oideachais éagsúla. Le hathchóiriú nuaghlactha, a gcuirfear tús lena chur chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2027, tugtar isteach rogha idir an Ghearmáinis agus an Fhraincis mar theanga na litearthachta agus is é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus rannpháirtíocht tuismitheoirí a mhéadú go fóinteach an tráth céanna. I ndeireadh na dála, beidh a éifeachtacht ag brath ar chumas na scoileanna modhanna teagaisc a oiriúnú chun freastal ar riachtanais shonracha na ndaltaí sin. Idir an dá linn, le leibhéil níos airde luathfhágála scoile agus daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna i measc daltaí faoi mhíbhuntáiste agus daltaí nach cainteoirí dúchais Lucsambuirgise iad, mar aon le ró-ionadaíocht grúpaí socheacnamaíocha níos airde i scoileanna poiblí Eorpacha a fheidhmíonn níos fearr, léirítear neamhionannais shistéamacha. Ós rud é go bhfuil ceann de na bearnaí feidhmíochta is mó san Aontas a bhaineann le hoideachas tuismitheoirí taifeadta ag Lucsamburg[30], tá tacaíocht spriocdhírithe do dhaltaí ó chúlraí éagsúla teanga agus daltaí faoi mhíbhuntáiste ríthábhachtach chun deiseanna cothroma a áirithiú agus chun éagothromaíochtaí a laghdú.

[29] Deais ÉpStan: Torthaí ó chlár faireacháin scoileanna i Lucsamburg 'Épreuves Standardisées' http://dashboard.epstan.lu.
[30] ICILS, 2023.

(35) Tá dúshláin shuntasacha fós roimh Lucsamburg maidir leis an margadh saothair a bhaineann le mímheaitseáil scileanna agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. D'ainneoin ardleibhéal forbartha eacnamaíche Lucsamburg go ginearálta, tá méadú tagtha ar an dífhostaíocht le blianta beaga anuas agus sháraigh sí meán an Aontais. Tá méadú tagtha freisin ar mhímheaitseálacha scileanna, agus shroich mímheaitseálacha maicreacnamaíocha 26,8 % in 2024, rud atá i bhfad os cionn mheán an Aontais Eorpaigh, a léiríonn éagothromaíochtaí móra i dtorthaí fostaíochta ar fud leibhéil scileanna. Saintréith de mhargadh an tsaothair is ea an t-éileamh mór ar oibrithe ardoilte, agus tá ionchais fostaíochta níos teoranta do dhaoine ar bheagán cáilíochtaí, rud a chuireann le neamhionannais agus le bochtaineacht lucht oibre. Mar sin féin, bhí na leibhéil bhochtaineachta a taifeadadh níos ísle in 2025, is dócha mar gheall ar fheabhsuithe ar bhailiú sonraí maidir le hioncam agus dálaí maireachtála, cé gur léirigh sonraí roimhe sin go raibh leibhéil ag laghdú cheana féin. Is é 18,2 % ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta anois (AE: 20,8 %). An tráth céanna, tá rátaí fostaíochta agus gníomhaíochta oibrithe scothaosta fós ar na rátaí is ísle san Aontas Eorpach, agus tá an dífhostaíocht fhadtéarmach comhchruinnithe i measc oibrithe 45 bliana d'aois agus níos sine, agus tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach fós teoranta, rud a chuireann srian ar chumas oibrithe oiriúnú do riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn. Cé go bhfuil bearta déanta ag Lucsamburg chun ionchais fostaíochta a fheabhsú agus chun tacú le huas-sciliú agus athsciliú, tá a tionchar na mbeart sin fós ilroinnte; le cur chuige níos comhordaithe maidir le forbairt scileanna agus beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint a chur chun cinn agus foghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú, thacófaí le hinfhostaitheacht, thabharfaí aghaidh ar mhímheaitseáil scileanna agus chuirfí feabhas ar fheidhmíocht mhargadh an tsaothair. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir leis an anailís tíre dara céim arna déanamh ag seirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta[31].

[31] SWD(2026)122 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2026.

(36) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás Lucsamburg, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh, an chúigiú moladh agus an cheathrú moladh déag maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh, an ochtú moladh, an naoú moladh agus an aonú moladh déag maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh Lucsamburg in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Gníomhú chun an glanchaiteachas a rialú le go mbeidh sé ag teacht leis na huasrátaí fáis a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025 i bhfianaise an diallta ábhartha a thaifead an Coimisiún in 2025 agus an diall a réamh-mheasann sé do 2026 *vis-à-vis* an uasteorainn ghlanchaiteachais a mholtar. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean, go háirithe trí theorainn a chur le roghanna luathscoir agus tríd an ráta rannpháirtíochta agus fostaíochta oibrithe scothaosta a mhéadú. An soláthar tithíochta a mhéadú, go háirithe trí bheartas cuimsitheach talamhúsáide agus athchóiriú cánach maoine a ghlacadh, tionscadail ceantair ar mhórscála a fhorbairt ar thalamh poiblí, agus neartú a dhéanamh ar an gcomhordú le pleanáil uirbeach agus iompar poiblí trasteorann. Rioscaí a bhaineann leis an margadh tithíochta a mhaolú trí dheireadh a chur de réir a chéile le dreasachtaí fioscacha chun iasachtaí a fháil agus tríd an gcreat macrastuamachta a neartú. Tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun dul i ngleic go héifeachtach le pleanáil ionsaitheach chánach, go háirithe trí chánachas leordhóthanach a áirithiú ar íocaíochtaí úis amach agus ar ríchíosanna go dlínsí cánach nialasacha/ísle.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe lena dtógtar, i gcásanna inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Infheistíocht sa nuálaíocht a chothú agus tacú le dianghníomhaíochtaí T&F. Borradh a chur faoin iomaíochas, trí éagsúlú a chur chun cinn san earnáil airgeadais, dlús a chur le glacadh ardteicneolaíochtaí digiteacha ag FBManna, agus uas-scálú gnó agus méadú táirgiúlachta a chumasú. Aghaidh a thabhairt ar an mbearna maoinithe nuálaíochta, lena n-áirítear trí infheistíocht mhéadaithe teaghlach i gcistí cothromais agus infheistíochta, mar aon le hinfhaighteacht fheabhsaithe scéimeanna pinsin fhorlíontaigh. Deireadh a chur le bacainní ar an iomaíocht, amhail soláthar seirbhísí agus i ngairmeacha rialáilte.

4. Leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh san iompar inbhuanaithe agus éifeachtúil trí dhícharbónú an iompair a chur chun cinn a thuilleadh agus trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompair phoiblí agus i nascacht i gceantair thuaithe. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh. An eangach ardvoltais a nuachóiriú agus a hacmhainneacht a mhéadú, idirnaisc trasteorann a fheabhsú, agus nósanna imeachta ceadaithe a éascú maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite. Tacú le bardais fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid. Athléimneacht aeráide agus uisce a fheabhsú, lena n-áirítear trí bhainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, rialachas trasearnála níos láidre, agus bearta ciorclaíochta.

5. Feidhmíocht an chórais oideachais scoile a fheabhsú agus comhdheiseanna i scoileanna a áirithiú tríd an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais daltaí atá faoi mhíbhuntáiste agus do dhaltaí ó chúlraí éagsúla teanga. Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú agus trí bheartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair a fheabhsú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*